# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007**

---

**GAEILGE – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II**
**(120 marc)**

---

**AOINE, 8 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.45 go dtí 4.45**

---

**Ceist 1** Léigh an sliocht seo agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leis. **(15mharc)**
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **A** agus **ceist amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.

[*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*]

## Níl Aon Tinteán mar do Thinteán Féin

**Cúlra an Scéil**: Bhí Eibhlín Mhic Dhonncha, agus beirt pháistí léi, ar deoraíocht i Londain timpeall na bliana 1965. Altra pháirtaimseartha ba ea Eibhlín. Bhí an saol an-dian orthu, triúr, thall i Sasana.

**1.** Bhí Niamh uaigneach sa chathair, agus bhí a máthair agus a deartháir uaigneach freisin. Ba mhinic iad ag caint faoi sin agus iad ina suí os comhair na tine gáis san árasán. "Níl aon leigheas air. Níl obair ar bith le fáil sa bhaile," a dúirt a máthair go minic. Ach bhí cuimhní na hóige acu: an uair a thriall siad ar an gClochán i gContae na Gaillimhe, an áit ar rugadh a máthair. Na sléibhte agus an fharraige, na tránna agus na duirlingí – na portáin agus na gliomaigh a fuair siad ó na hiascairí. Laethanta órga ba ea iad sin, ach ní raibh iontu anois ach cuimhní.

**2.** Thosaigh Niamh ag smaoineamh ar a deartháir Oisín a bhí ar a bhealach abhaile. Tháinig faitíos uirthi. Thuig sí go maith go raibh drong d'ógánaigh an cheantair ag cur isteach air go minic. Bhí sé ag cur fola nuair a tháinig sé isteach, a aghaidh agus a lámha dearg. "Céard a tharla?" arsa Niamh. "Bhí tú ag troid!" "Ní raibh aon dul as. Bhí siad ag fanacht liom taobh amuigh den scoil." "Cén fáth nár rith tú uathu?" "Tháinig siad aniar aduaidh orm. Rinne mé iarracht éalú, ach lean siad mé. Is baolach go bhfuil mo shrón briste acu!" Scrúdaigh sí a shrón. Bhí sí ata ach ní raibh aon rud briste, dar léi. "Beidh tú ceart go leor. Ach caithfidh tú a bheith cúramach. Dúirt Mam é sin leat. Bíonn tú i gcónaí i dtrioblóid!"



**Bloc árasán i Londain timpeall na bliana 1965**

**3.** Buachaill láidir ba ea a deartháir ach bhí sé corrthónach . Ní raibh sé sásta riamh suí síos go socair. "An iomad fuinnimh atá agat!" deireadh a mháthair leis. Sin an fáth ar thug sí cead dó tosú ag freastal ar an gclub dornálaíochta in Camden Town. Fear óna ceantar féin a bhí i bhfeighil gnóthaí ansiúd. Théadh sé ann ar an traein faoi thalamh gach deireadh seachtaine agus chaitheadh sé cúpla uair an chloig ag traenáil. Bhí roinnt bonn buaite aige cheana féin. "Bainfidh mé díoltas astu! Casfaidh mé leo ina nduine agus ina nduine!" a dúirt sé anois agus fearg ina ghlór. "Ná bí ag caint mar sin. Cheapfadh duine gur bharbarach thú!" "Is áit bharbartha an chathair seo! Ba mhaith liom dá bhféadfaimis glanadh linn." "Tuigeann tú go maith nach féidir linn. Tá Mam ag lorg oibre arís inniu."

**4.** I bhfad ón árasán bhí Eibhlín Mhic Dhonncha ag tóraíocht oibre. Ní raibh mórán airgid fágtha. Bhí sé sin ag goilleadh uirthi. Ganntanas airgid ba mhó a chuir an dath liath ar a cuid gruaige, a bhí dubh tráth. Ba mhinic í ag cuimhneamh ar an am a raibh an saol níos fearr agus teach dá cuid féin aici. Ach d'imigh sin agus tháinig seo. Bhí uirthi an teach a dhíol. Ó shin i leith bhí sí féin agus a clann ag imeacht ó lóistín go lóistín, gan aon chónaí buan acu.

(Sliocht athchóirithe as an úrscéal ***An tOileán Órga*** le Michael Mullen )

**Gluais:** ar deoraíocht: ar imirce; drong: slua/grúpa; corrthónach: míshocair; barbarach: duine fiáin.

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**A (Buntuiscint)**

**(i)** *'Ach bhí cuimhní na hóige acu.'* Luaigh **dhá cheann** de na cuimhní sin. (**Alt 1)**

**(ii)** (a) Cén fáth ar tháinig faitíos ar Niamh nuair a chonaic sí Oisín? (**Alt 2)**
(b) Cén chomhairle a chuir sí air? (**Alt 2**)

**(iii)** Luaigh **dhá phointe** eolais ó **Alt 3** mar gheall ar an gcaitheamh aimsire a bhí ag Oisín.

**B (Léirthuiscint Ghinearálta)**

**(i)** Luaigh **dhá thréith** a bhain le hOisín mar dhuine, dar leat.
I gcás **ceann amháin** den dá thréith sin tabhair píosa eolais as an téacs a léiríonn an tréith sin.

**(ii)** Léiríonn an t-údar an saol crua a bhí ag Eibhlín agus a clann go soiléir sa scéal.
Do thuairim uait faoi seo. (Is leor **dhá phointe** a lua.)

**(iii)** Tá an scéal seo ródhorcha agus róghruama ar fad.
Do thuairim uait faoi seo. (Is leor **dhá phointe** a lua.)

---

**Ceist 2** Freagair **A** *nó* **B** anseo. **(**Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.**)** **(15 mharc)**

**A**

**(i)** Ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair ann is atá sa sliocht i g**Ceist 1** thuas.

<u>Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir</u>.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin ábhair.

**nó**

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i g**Ceist 1** faoin ábhar úd agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Maidir le do rogha **ceann amháin** de na *mothúcháin* seo a leanas ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an *mothúchán* sin ann.

<u>Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir</u>.

(a) Brón (b) Fearg (c) Fonn díoltais (d) Éad (e) Tuirse (f) Grá

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *mothúchán* atá roghnaithe agat.

(**Nóta**: I gcás **A** *nó* **B** thuas tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann le linn do chúrsa.)

---

## ROINN I – FILÍOCHT [30 marc]

**Ceist 1**. Léigh an dá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. **(15 mharc)**
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **A** agus **ceist amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir **an tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.

*[Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.]*

**An Canaerí**

Bhí éanadán ag Seán Ó Riain,
Is cheannaigh sé canaerí
Ó ghasúr deas a bhí 'na rang,
Darbh ainm Tadhg Ó Laoghaire.

Bhí áthas mór ar Sheán Ó Riain
Nuair a thug sé an t-éan abhaile,
Chuir sé é san éanadán
Is chroch é ar an mballa.

B'ionadh leis nár chan an t-éan,
Mar canann gach canaerí;
Níor tháinig uaidh ach "sea, sea, sea,"
Is d'ith sé síol go craosach.

Nigh an t-éan é féin ansin,
Is rith an dath go léir de;
Ní raibh san éan ach gealbhan donn -
Mí-ádh ar Thadhg Ó Laoghaire!

(*le* **Seán Mac Fheorais)**

**Gluais:**
**(L.1)** éanadán = cás éin
**(L.12)** go craosach = go santach
**(L.15)** gealbhan = éan beag bídeach

**Cuairt**

Sular mhúscail mé,
Tháinig mo ghrá chugam
I mbrionglóid chomh fíor
Leis an lá úd
I Ráth Maoláin
Nuair a shiúlamar an trá.

Sea, tháinig sé chugam,
Phóg sé mé go súgrach
'S d'imigh.

Gach lá, a ghrá,
Fanaim
Le do athchuairt
I mbrionglóid.

(*le* **Colette Ní Ghallchóir)**

**Gluais:**
**(L.1)** mhúscail = dhúisigh
**(L.8)** go súgrach = go spórtúil
**(L.12)** athchuairt = teacht ar ais

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**A (Buntuiscint)**

**(i)** (a) Cé a dhíol an canaerí le Seán Ó Riain sa dán *An Canaerí*?
(b) Cad a tharla nuair a nigh an canaerí é féin lá amháin?

**(ii)** (a) Cár bhuail an file lena 'grá' den chéad uair sa dán *Cuairt*?
(b) Luaigh rud amháin a rinne siad le chéile an lá sin.

**(iii)** (a) Cad leis a mbíonn an file ag fanacht anois sa dán *Cuairt*?
(b) Mínigh a bhfuil i gceist sa líne 'Mí-ádh ar Thadhg Ó Laoghaire' (*An Canaerí* – **L. 16**).

**B (Léirthuiscint Ghinearálta)**

**(i)** An dóigh leat go bhfuair Seán Ó Riain margadh maith sa dán *An Canaerí*?
Tabhair **dhá fháth** le do fhreagra.

**(ii)** Cén saghas duine í an file, dar leat, sa dán *Cuairt*?
Is leor **dhá phointe** a lua.

**(iii)** Luaigh **difríocht amháin** agus **cosúlacht amháin** atá idir an dá dhán.

**Ceist 2**. Freagair **A** *nó* **B** anseo. (Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.) **(15 mharc)**

**A**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair ann is atá i do rogha **ceann amháin** den dá dhán i **gCeist 1** thuas.

<u>Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir</u>.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin ábhair sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file os ár gcomhair é.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin ábhar úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 1** agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa dán atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha **ceann amháin** de *na mothúcháin* seo thíos ann.

<u>Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.</u>

(a) Greann (b) Uaigneas (c) Grá (d) Díoltas (e) Sásamh (f) Cumha / Brón

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *mothúchán* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file an *mothúchán* sin os ár gcomhair.

## ROINN III – LÉAMHTHUISCINT (GIOTAÍ GEARRA) [30 marc]

Freagair do rogha **trí cinn** de **A, B, C, D** anseo. **(Is leor freagraí gairide i ngach cás.)**

*[I gcás **A, B** agus **C** bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.]*

### A (10 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

## Ceachtanna Tiomána

An aithníonn tú an fear óg rua sa ghrianghraf? Rupert Grint is ainm dó. Is dócha gur thug tusa Ron Weasley air mar bhain sé cáil amach sa ról sin sna scannáin atá bunaithe ar eachtraí Harry Potter.

Rugadh Rupert sa bhliain 1988 ar an 24 Lúnasa in Hertfordshire, Sasana. Nigel is ainm dá athair agus Jo is ainm dá mháthair. Tá deartháir amháin aige, James, agus triúr deirfiúracha, Georgina, Samantha agus Charlotte. Is iomaí gradam atá gnóthaithe aige ó ghlac sé páirt ina chéad scannán, *Harry Potter and the Sorcerer's Stone* (2001), ach níl a chloigeann ata dá bharr. Buaileann sé lena sheanchairde go rialta ach admhaíonn sé go mbíonn fadhbanna beaga aige má aithnítear amuigh ar na sráideanna é. Is fearr rith maith ná drochsheasamh sna cásanna sin go háirithe más scata cailíní screadacha atá i gceist.

Ar ndóigh tá Rupert gnóthach agus é ag obair ar na scannáin atá fágtha sa tsraith faoi Harry Potter. Chomh maith leis sin bhí páirt mhór aige in éineacht le Julie Watters agus Laura Linney sa scannán *Driving Lessons* a bhí sna pictiúrlanna anuraidh. Seasfaidh na ceachtanna tiomána leis amach anseo mar tá féith na haisteoireachta go smior i Rupert agus tá an tallann sin ag bláthú ann an t-am ar fad.



Rupert Rua

**(i)** (a) Conas a bhain Rupert Grint cáil amach i dtosach?
(b) Cén scannán leis a bhí sna pictiúrlanna anuraidh?

**(ii)** Cén fhianaise atá sa sliocht go bhfuil meas mór ag an údar ar Rupert Grint? Luaigh **dhá rud**.

### B (10 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas (as www.tg4.ie – Gné Ailt) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

## Súil Eile Ag Wimbledon

Beidh leadóg Wimbledon le feiceáil ar TG4 arís i mbliana. Cuirfidh an stáisiún tús le craobhacha 2007 Dé Luain agus imreofar na cluichí ceannais Dé Domhnaigh 8 Iúil. Craolfaidh TG4 na cluichí móra beo agus beidh tuairiscí rialta ar fáil ar an dul chun cinn i gcluichí eile. Beidh iomlán na himeartha ar fáil ar shuíomh idirlín TG4 freisin, ag www.tg4.ie. Is iad Aoife Ní Thuairisg, Brian Tyers agus Mac Dara Mac Donnacha a bheidh i mbun na tráchtaireachta.

Dúirt Eagraí Spóirt TG4, Rónán Ó Coisdealbha, gurbh ábhar ríméid do TG4 an stáisiún a bheith luaite arís le ceann d'imeachtaí móra spóirt an domhain. "Is ócáid í seo a bhfuil gean ar leith ag pobal na hÉireann uirthi, idir óg is aosta, mhná, fhir is pháistí, rud ba léir dúinn ó na teachtaireachtaí a fuaireamar ón bpobal féachana anuraidh," a dúirt Rónán.



Aoife Ní Thuairisg – Tráchtaire

Súil Eile

**(i)** Breac síos **dhá phointe** eolais faoin mbaint a bheidh ag TG4 le Comórtas Leadóige Wimbledon i mbliana.

**(ii)** Luaigh **dhá rud** a chuir ríméad ar Rónán Ó Coisdealbha.

**C** **(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas (as www.toryfilmfestival.com) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

## Féile Thoraí

Beidh Féile Scannán Thoraí ag tosú seachtain ón lá inniu agus mairfidh sí cúig lá. Seo an dara bliain don fhéile seo a bheith ar siúl istigh i dToraigh, Co. Dhún na nGall, agus is é *Laochra Loingseoireachta* téama na bliana seo.

Ocht scannán a taispeánadh anuraidh agus cúig cinn is tríocha a bheidh le feiceáil i mbliana. Beidh an taiscéalaí mara, Tim Severin, ar ais mar aoi speisialta. Le cois na scannán, beidh ceardlanna agus ócáidí ceoil ar siúl.

Beidh bus ar fáil, saor in aisce, ó Leitir Ceanainn agus ó aerfort Charraig Fhinne go cé Mhachaire Rabhartaigh do dhuine ar bith atá ag iarraidh freastal ar an fhéile.
Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó
www.toryfilmfestival.com



**Toraigh**

**(i)** (a) Cén téama a bheidh ag an fhéile scannán?
(b) Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair?

**(ii)** Breac síos **dhá rud** a léiríonn go bhfuil ag éirí go maith leis an fhéile seo.

**D** **(10 marc)**

Déan staidéar ar an sliocht seo a leanas (as **The Irish Times**) a bhfuil bearnaí ann atá uimhrithe ó **(1)** go dtí **(11)**. Ansin líon gach bearna díobh le focal oiriúnach as an liosta thíos. (Níl aon ord speisialta ar an liosta sin.) Ba cheart an freagra i do fhreagarleabhar a leagan amach mar seo: "Bearna **(1)** = saghas ", agus mar sin de. Ní gá an sliocht féin a scríobh.

## Tírghrá, Scoil agus an Ghaeilge

Is minic a chuirtear ceisteanna den **(1)** seo a leanas orm: Conas a tharlaíonn go **(2)** Gaeilge agat? Cár fhoghlaim tú í? Cén **(3)** in aon chor a ndearna tú í a fhoghlaim?

Is é an t-aon nasc teaghlaigh atá agam leis an teanga ná go raibh Gaeilge bhlasta ag **(4)** de mo shin-seanaithreacha. Díreach cosúil leis an mórchuid de mhuintir na **(5)** comhaimseartha, níor tógadh le Gaeilge mé.

Ba ar scoil a d'fhoghlaim mé an Ghaeilge. Ní raibh ach Gaeilge lag agam agus mé ar an **(6)**, áfach. Ach ba mar thírghráthóir den **(7)** scoth a d'fhéach mé orm féin riamh, fiú agus mé i mo **(8)** bunscoile. D'fhág sé sin go raibh dea-chroí agam **(9)** teanga i **(10)** na mblianta bunscolaíochta, dá laige mo **(11)** Gaeilge ag an am sin dáiríre.



**Aoibhinn beatha an scoláire!**

**Liosta Focal:** saghas [Bearna (1)]; don; fáth; chuid; hÉireann; mbunscoil; chéad; duine; rith; dhalta; bhfuil.

## ROINN IV – LITIR A SCRÍOBH **[30 marc]**

Freagair **A** *nó* **B** *nó* **C** anseo. (Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.)

### A

Tá tú as baile le dhá sheachtain anuas ag freastal ar choláiste samhraidh. Scríobh an litir a chuirfeá abhaile chuig do mháthair *nó* chuig d'athair.

<u>I do litir luaigh</u>

- **dhá rud** a thaitníonn leat faoin gcoláiste
- **dhá rud** nach dtaitníonn leat faoin áit
- eachtra spéisiúil a tharla i rith an chúrsa

### B

Léigh tú alt in **Foinse** faoin ábhar *'An Dochar a dhéanann Ríomhairí i saol an lae inniu'*. Scríobh an litir a chuirfeá chuig eagarthóir na hirise i dtaobh an ailt.

<u>I do litir luaigh</u>

- **dhá thuairim** a bhí san alt ar aontaigh tú leo
- **dhá thuairim** a bhí san alt nár aontaigh tú leo
- do thuairim féin ar an ábhar

### C

Chonaic tú scannán nua sa phictiúrlann áitiúil le gairid. Scríobh an litir a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó/di i dtaobh an scannáin seo.

<u>I do litir luaigh</u>

- **an fáth** a ndeachaigh tú go dtí an phictiúrlann
- **dhá rud** faoin scannán a thaitin go mór leat
- **dhá rud** faoin scannán nár thaitin leat